CORR-THRÁDÁIL – NÓTA MÍNIÚCHÁIN

Ciallaíonn "Corr-Thrádáil" earraí a dhíol ar an mbóthar poiblí nó in áit ar a bhfuil rochtain ó cheart ag an bpobal agus in áit ar bith eile atá ainmnithe mar limistéar corrthrádála. I gceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath rialáiltear corrthrádáil faoi na Fodhlíthe Corr-Thrádála a rinneadh faoin Acht Corr-Thrádála 1995. Is ceanglas é faoin Acht Corr-Thrádála ceadúnas corrthrádála a bheith ag duine chun earraí a dhíol ar an mbóthar poiblí. Is cion é faoin Acht sin trádáil a dhéanamh gan ceadúnas corrthrádála bailí a bheith ag duine. Tá corrthrádáil roinnte ina dhá cuid, is é sin Trádáil i Limistéar Ainmnithe agus Trádáil ar Ócáidí.

Trádáil i Limistéar Ainmnithe: is é atá i gceist go n-ainmnítear sráideanna áirithe mar limistéir chorrthrádála chun cineálacha áirithe earraí a dhíol. Sna Fodhlíthe Corr-Thrádála (Rialú agus Ainmniú) liostaítear na ceantair uile atá ainmnithe mar limistéir chorrthrádála, na hearraí is féidir a dhíol agus na tráthanna trádála. Eisítear ceadúnas bliantúil chun trádáil sna limistéir sin. Faoi láthair tá liostaí feithimh le aghaidh gach limistéir ainmnithe trádála. Más suim le duine ar bith a ainm a chur ar an liosta feithimh is cóir dó nó di teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Cultúir, Áineasa agus Conláistí, an Rannóg Corr-Thrádála, Bloc 4, Bunurlár, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, nó ríomhphost a chur chuig casualtrading@dublincity.ie ina mbeidh iarratas go gcuirfear ar an liosta feithimh é nó í agus ina luafar na sonraí teagmhála atá aige /aici agus an limistéar ar lena aghaidh ar mian leis nó léi go ndéanfar é nó í a bhreithniú. I bhfodhlíthe reatha na dtáillí liostaítear na táillí le haghaidh gach limistéir ainmnithe trádála. Ní mór don iarratasóir Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PSP) a sholáthar i gcás duine aonair, nó Uimhir Thagartha Chánach, i gcás cuideachta, sula bhféadfar ceadúnas a eisiúint. Ní mór clúdach Árachais Dliteanais Phoiblí a bheith aige nó aici fosta chun Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a shlánú ar suas go dtí €6.4milliún.

Trádáil ar Ócáidí: Tá ceadúnas corrthrádála ar ócáidí de dhith ar gach duine ar mian leis nó léi earraí a dhíol cóngarach d'ócáid le haghaidh an lae nó na laethanta a bheidh an ócáid ar shiúl. Ní mór don iarratasóir Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PSP) a sholáthar i gcás duine aonair, nó Uimhir Thagartha Chánach, i gcás cuideachta, sula bhféadfar ceadúnas a eisiúint. Má ghlacann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le hiarratas, ní ráthú é sin go dtabharfar ceadúnas.

Is mar a leanas a fheidhmeofar an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas trádála ar ócáidí.

TRÁDÁIL AR ÓCÁIDÍ

Cad é atá de dhíth chun trádáil a dhéanamh ar spás poiblí cóngarach d'ócáidí móra?

Ní mór do gach trádálaí ceadúnas corrthrádála ar ócáidí a bheith aige / aici chun trádáil a dhéanamh ar ócáidí móra agus ag cluichí spóirt.

Ní mór iarratais a dhéanamh ar thrádáil a dhéanamh ar ócáid nó ag ceolchoirm, chun hataí, bratacha, srl., a dhíol ó láimh, **10 lá** ar a laghad roimh an ócáid.

Ní mór iarratais a dhéanamh ar bhia a dhíol ar ócáid nó ag ceolchoirm **28 lá** roimh an ócáid nó roimh an gceolchoirm.

Lastall .....

(ar leanúint)

Eolas breise atá de dhíth chun bia te a dhíol:-

Ós rud é go bhfuil líon na n-iarratas a fhaightear chun bia te a dhíol ag na hócáidí seo níos mó ná líon na n-ionad trádála atá ar fáil, ní féidir a ráthú go bhfaighfear ceadúnas chun trádáil a dhéanamh ag na hócáidí seo.
Ní mór do gach tradálaí clúdach Árachais Dliteanais Phoiblí suas go dtí €6.4milliún a bheith aige nó aici chun Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a shlánú ar aon ní. Ní mór do thrádálaithe bia-ábhair clárú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus cloí le ceanglais Oifig áitiúil Sláinte Comhshaoil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil le rialáil reachtach bia. Chun tuilleadh sonraí a fháil déan teagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Teach Urumhan, Cé Urumhan, Baile Átha Cliath 1. Teileafón: 01 8286702.

Is mar a leanas atá na Táillí Reatha:-

Díolacháin as Feithiclí (Aonaid Taistil Lónadóireachta)

Trírothaigh	(táille an ócáid an lá)	€ 70
Burgarbheáir	(táille an ócáid an lá)	€110
Leantóirí agus veaineanna - táille an ócáid an lá		€220
Veaineanna Uachtair Reoite / Flas Candaí agus Gráin Rósta		€ 80

Díolacháin seachas díolacháin as feithiclí

Mangairí / Trádálaithe aonair (bratacha, hataí, póstaeir, milseogra, deochanna boga, srl.)

Táille an Ócáid an Lá €25.00.

Uimhreacha Teagmhála na nÚdarás Áitiúil eile agus na nOibritheoirí Margaidh eile

Tá Baile Átha Cliath roinnte ina cheithre limistéar comhairle. Ós rud é go bhféadfaidh na socruithe trádála a bheith difriúil i ngach limistéar comhairle, d'fhéadfá brabhsáil ar na suímh ghréasáin acu nó dul i dteagmháil leo ag na huimhreacha atá liostaithe thíos:-

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Teil: 01 222 2165	www.dublincity.ie
Comhairle Chontae Fhine Gall	Teil: 01 890 5000	www.fingalcoco.ie
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin	Teil: 01 205 4700	www.dlrcoco.ie
Comhairle Chontae Átha Cliath Theas	Teil: 01 414 9000	www.southdublin.ie

Tá na suímh ghréasáin seo a leanas úsáideach le haghaidh margaí faoin spéir agus oibritheoirí margaí príobháideacha eile.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Margadh Aoine Mhargadh na Feirme – www.dublincity/events
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Margadh Rae Coppinger – www.dublincity/events
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Margadh Bia Bhaile Munna – www.dublincity.ie
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Margadh Bia na Stáblaí Dearga – www.dublincity.ie
Margaí CoCo Dhún Laoghaire Ráth an Dúin – www.dlrcoco.ie/markets
Margadh Bia Farmleigh – Oifig na nOibreacha Poiblí – www.farmleigh/ie/culturalevents/foodmarket
Margadh Bia Bharra an Teampaill – 6772255 www.templebar.ie
An Bord Bia – Liosta na Margaí Bia – www.boardbia.ie
Ealaín an Phobail www.peoplesart.ie

Má tá aon cheisteanna agat cuir ríomhphost chuig casualtrading@dublincity.ie nó glaoigh ar 01 222 5243/3386/3377 le do thoil.

Is é an leagan Béarla an bhunchóip den doiciméad seo.